

An ceathrú scéim de chuid na Seirbhíse Cúirteanna faoi alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

1. Tús Eolais agus Cúlra

1.1 Cúlra

D’ullmhaigh an tSeirbhís Cúirteanna an ceathrú scéim seo faoi alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (“an tAcht”).

Foráiltear leis an Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, chomh maith leis na bearta atá le glacadh lena chinntiú, i gcás aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge, go soláthrófar amhlaidh í laistigh de chreat ama comhaontaithe.

1.2 Ullmhú Scéime

Treoirlínte

Agus an Scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na treoirlínte a d’eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Ullmhúchán na Dréacht-Scéime a Fhógairt

D’fhoilsigh an tSeirbhís Cúirteanna fógraí faoi alt 13 den Acht inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir le hullmhú na dréacht-Scéime faoi alt 15. Fuarthas aighneacht amháin ó Chonradh na Gaeilge agus tá sí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie.

Réamhrá don Scéim

Forbraíodh an scéim seo i gcomhairle le gach réimse feidhme de chuid na Seirbhíse Cúirteanna. Ina theannta sin, agus ábhar na scéime á ullmhú cuireadh san áireamh an t-aon aighneacht amháin a fuarthas agus tuairimí agus moltaí a fuarthas ó bhailt foirne de chuid na Seirbhíse Cúirteanna. Táimid buíoch as an rannchuidiú sin agus as an spéis a léirigh na rannpháirtithe i bhforbairt na Scéime seo.

Is ar an lucht ardbhainistíochta sa tSeirbhís Cúirteanna atá an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim. Sainaithnítear i gcorp na Scéime réimsí ina bhféadfar feabhas a chur amach anseo ar an tseirbhís a sholáthraíonn an tSeirbhís Cúirteanna.

Ina theannta sin, tugtar gealltanais sa scéim measúnú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go leanfaidh an tSeirbhís Cúirteanna ar aghaidh ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach atá pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana.

Leanfaidh an tSeirbhís Cúirteanna ar aghaidh ag tomhas leibhéal an éilimh ar na seirbhísí a sholáthraíonn sí i nGaeilge trí iniúchadh a dhéanamh ar leibhéal na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar leibhéal na gceisteanna fúthu. Is í an tSeirbhís Cúirteanna a chinnfidh an t-ord ina dtabharfar tosaíocht do sheirbhísí áirithe le soláthar i nGaeilge, le comhaontú an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Na gealltanais go léir i dtaobh feabhas a chur ar sheirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Cúirteanna, tá siad bunaithe ar an staid ina bhfuil an eagraíocht faoi láthair. Ní mór a aithint go bhféadfadh athruithe a d'fhéadfadh tarlú amach anseo ar chúrsaí airgeadais agus foirne, nach bhfuil faoi smacht na Seirbhíse Cúirteanna, dul i bhfeidhm ar chomhlíonadh na ngealltanais sin.

Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Beidh feidhm aici le héifeacht ó 07 Márta 2022 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

Próiseas Comhairliúcháin

D'fhoilsíomar fógraí faoi alt 13 den Acht sna nuachtáin agus ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus, chomh maith leis sin, cuireadh Grúpaí Úsáideoirí ar an eolas go raibh aighneachtaí á n-iarraidh againn. Rinneadh measúnú ar chumas fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge ar líne, agus sna ceantair Ghaeltachta agus lasmuigh dóibh.

2. Achoimre ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Cúirteanna

Bunaíodh an tSeirbhís Cúirteanna faoin Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, inar leagadh amach feidhmeanna na Seirbhíse mar seo a leanas:

- na cúirteanna a bhainistiú
- seirbhísí tacaíochta a sholáthar do na breithiúna
- faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir leis an gcóras cúirteanna foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- saoráidí a sholáthar d'úsáideoirí na gcúirteanna.

Is é Ráiteas Misin na Seirbhíse Cúirteanna “Tacú leis na breithiúna agus seirbhísí den scoth a sholáthar d’úsáideoirí uile na gcúirteanna agus ar an gcaoi sin rochtain ar cheartas a éascú”.

Tá an tSeirbhís á rialú ag bord ar a bhfuil cathaoirleach agus seacht gcomhalta dhéag lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Cuimsítear san Fhoireann Ardbhainistíochta an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus cúigear atá i gceannas ar na stiúrthóireachtaí. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-oifigeach cuntasáíochta agus tá freagracht air as bainistíocht agus rialú foirne chomh maith le gnó laethúil na Seirbhíse. Tá ceanncheathrú na Seirbhíse lonnaithe faoi láthair i dTeach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Is eagraíocht dhíláráithe den chuid is mó í an tSeirbhís Cúirteanna a bhfuil freagracht riaracháin uirthi as thart ar 83 teach cúirte agus ionad cúirte ar fud na tíre.

Bíonn roinnt ionad i mBaile Átha Cliath ag plé le gnó sibhialta, gnó teaghlaigh agus gnó coiriúil na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Chúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá ceithre oifig réigiúnacha i gCorcaigh, i gCaisleán an Bharraigh, sa Nás agus i nDún Dealgan. Tá 25 oifig chúirte chomhcheangailte agus 8 n-oifig neamhspleácha ag an tSeirbhís Cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is iad príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchustaiméirí na seirbhíse:

1. Na Breithiúna. Ní páirtithe leasmhara iad na breithiúna mar a thuigtear an téarma sin de ghnáth. Is iad na Breithiúna orgán breithiúnach an rialtais de bhun fhorálacha an Bhunreachtá agus tá sé ina phríomhról ag an tSeirbhís Cúirteanna tacaíocht riaracháin a sholáthar do na breithiúna i bhfeidhmiú a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna.
2. An Rialtas, an Roinn Dlí agus Cirt agus Ranna Rialtais eile.
3. Úsáideoirí cúirte: na gairmeacha dlí agus a gcomhlachtaí ionadaíochta faoi seach, cliaint na ngairmeacha faoi seach, gach páirtí a thagann os comhair na gcúirteanna agus daoine a nglaoitear orthu i gcomhair seirbhís giúiré.

4. Gníomhaireachtaí agus grúpaí san Earnáil Dlí agus Cirt amhail an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Promhaidh, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Bord um Chúnaimh Dlíthiúil.
5. Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí amhail an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, baill den Oireachtas, Údarás Áitiúla, na Coimisinéirí Ioncaim agus Coimisiún an Aontais Eorpaigh.
6. Grúpaí Úsáideoirí de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus daoine den phobal.

3. Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge

3.1 Chuir an tSeirbhís Cúirteanna feabhas ar na seirbhísí a sholáthraímid i nGaeilge faoin gcéad scéim, an dara scéim agus an tríú scéim. Tá seirbhísí Gaeilge forbartha againn a bhaineann le faisnéis, aistriúchán, turais phoiblí, córais TF, córas ríomhphoist, fáiltiú teileafóin, inniúlacht labhartha agus ár gclár oiliúna.

3.2 Tá suíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ar fáil i nGaeilge.

3.3 Beidh clár Gaeilge OSSP na Seirbhíse Cúirteanna do scoileanna “Breathnaímis ar an Dlí” ar fáil le linn thréimhse na scéime seo.

3.4 Thacaíomar le feabhsuithe ar chaighdeán aistriúcháin, faoinar forbraíodh caighdeán nua seirbhíse aistriúcháin bainistithe agus ar ceanglaíodh ar aistritheoirí seachfhoinsithe creidiúnú a bhaint amach leis an scéim creidiúnaithe atá á reáchtáil ag Foras na Gaeilge.

3.5 I gcás inar ordaigh an Chúirt amhlaidh, is í an tSeirbhís Cúirteanna a thabhaigh costais aistriúcháin agus ateangaireachta lena chur ar a gcumas d’úsáideoirí cúirte a labhraíonn Gaeilge cásanna a sheoladh i nGaeilge, i gcásanna iomchuí.

3.6 Is féidir le húsáideoirí cúirte an rogha a dhéanamh gur i nGaeilge a dhéileálfar le cásanna.

3.7 Tá na Rialacha Cúirte ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

3.8 Beidh preaseisiúintí ar fáil go comhuaineach i nGaeilge ach amháin in imthosca eisceachtúla.

3.9 Tá ceanntásca agus séanta ríomhphoist i nGaeilge.

3.10 Cuirfimid clár oiliúna ar bun chun feasacht na foirne a mhúscailt faoi chearta úsáideoirí cúirte a labhraíonn Gaeilge agus faoin tseirbhís a sholáthraímid i nGaeilge d’úsáideoirí cúirte.

3.11 Tá clár oiliúna curtha i gcrích againn chun feabhas a chur ar an inniúlacht atá againn i dtaobh Gaeilge a labhairt. Tá na tSeirbhís Cúirteanna fós ag éascú do bhaill foirne ar mian leo dul faoi oiliúint sa Ghaeilge, agus ag cur maoiniú ar fáil dóibh. Déantar an oiliúint sin a chomhordú trí One Learning, ionad Foghlama agus Forbartha seirbhísí comhroinnte na Státseirbhíse. Gach uile bhliain, tairgeann an soláthraí oiliúna seisiúin dhá sheimeastar dá shainchúrsa creidiúnaithe, an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil, atá dírithe ar fhostaithe na hearnála poiblí, ar Leibhéal 3, Leibhéal 4, Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Múintear an cúrsa sin thar thréimhse 15 seachtaine, agus glactar le rannpháirtithe nua san earrach agus san fhómhar. Tá an cúrsa dírithe ar bhaill foirne a bhfuil Gaeilge measartha maith nó ardleibhéal Gaeilge acu. Maidir le baill foirne a bhfuil cumas Gaeilge acu nach bhfuil sa raon sin, chuir an tSeirbhís Cúirteanna maoiniú ar fáil freisin i gcomhair cúrsaí do thosaitheoirí, chomh maith le sainchúrsaí scríbhneoireachta agus aistriúcháin ar leibhéal níos airde.

3.12. Tá treoracha cleachtais cúirte ar fáil i nGaeilge.

3.13. Foilsítear faisnéis i nGaeilge faoi obair na gcúirteanna ar an suíomh gréasáin.

3.14 Gach ábhar statach ar an suíomh gréasáin a chruthaigh an tSeirbhís Cúirteanna, seachas ábhar a bhfuil sé sonraithe ina leith gur i mBéarla amháin a bheidh sé, tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.

3.15 Tá bileoga míniúcháin do ghiúiré ar fáil i nGaeilge.

3.16 Tá faisnéis do ghiúróirí ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin.

3.17 Tá ár gcuid tuarascálacha bliantúla ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin.

3.18 Tá ár mbosca poist Gaeilge “fiosruithe@courts.ie” ar fáil le haghaidh ceisteanna i nGaeilge.

4. Moltaí an Cheathrú Scéim

4.1. Seirbhísí a mholtar a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin

Tugadh breac-chuntas sa chéad scéim ag an gcineál gnó a dhéanann an tSeirbhís Cúirteanna, agus is fiú an méid sin a lua arís toisc go dtéann sé i bhfeidhm go fóill ar sholáthar ár seirbhísí i nGaeilge amháin.

Mar gheall ar chineál na seirbhísí a sholáthraíonn oifigí cúirte, ní mór iad a bheith ar fáil sa dá theanga oifigiúla, mar d'fhéadfadh sé go mbeadh ár gcustaiméirí ag baint leas as seirbhísí oifige cúirte i gceantar Gaeltachta ach nach í an Ghaeilge a labhraíonn siad féin. I gcás a lán custaiméirí, ní bheadh cónaí orthu sa limistéar cúirte ina bhfuil an chúirt a gceanglófaí orthu freastal uirthi.

Mar gheall ar an gcineál gnó a dhéanaimid, ní mheastar go bhfuil sé oiriúnach gur seirbhís i nGaeilge amháin a bheadh á soláthar ag aon oifig de chuid na Seirbhíse Cúirteanna. Toisc gur gnó conspóideach é formhór an gnó a ndéileálann oifigí cúirte leis, agus mar sin go bhfuil dhá pháirtí nó níos mó i gceist leis, ní mór don tSeirbhís Cúirteanna a bheith aireach go bhfuil sé de cheart ag gach páirtí déileáil léi sa teanga is rogha leis féin.

Ní mór a choinneáil ar aird freisin gurb amhlaidh, cé go gclúdaíonn roinnt oifigí cúirte ceantair Ghaeltachta, nach ndéileálann aon oifig le limistéar Gaeltachta amháin.

Agus tograí á gceapadh aici dá ceathrú Scéim, cuireann an tSeirbhís Cúirteanna san áireamh an phaindéim atá ar siúl faoi láthair, a d'fhág gurbh éigean don tSeirbhís Cúirteanna dlús a chur le glacadh bealaí nua chun rochtain ar cheartas a sholáthar i gcúinsí nach bhfacthas a leithéid roimhe seo.

4.2. Seirbhísí a mholtar a bheith ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin

Cáipéisí agus óráidí

- I gcás cáipéisí teicniúla a sholáthraítear do chomhlachtaí poiblí eile nó do lucht féachana idirnáisiúnta, is i mBéarla amháin a bheidh siad ar fáil go fóill.
- Cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga nó sna teangacha ina dtugtar iad.
- I gcás foirmeacha tairisceana móra mionsonraithe de chineál teicniúil, lena n-áirítear tairiscintí a fhógraíonn an tAontas Eorpach, is i mBéarla amháin a bheidh siad ar fáil, mar gheall ar a gcineál teicniúil, ach amháin i gcás tairiscintí le haghaidh seirbhísí Gaeilge.
- Is i mBéarla amháin a bheidh roinnt lámhleabhair inmheánacha treoracha a bhaineann le sainréimsí.

Córais TF

- Níl ár gcórais TF in ann cáipéisí Cúirte a eisiúint i nGaeilge fós. Breithneofar soláthar feidhmeanna i nGaeilge nuair a bheidh córais á n-uasghrádú, agus tabharfar aghaidh ar fhadhbanna comhoiriúnachta agus ar chostais. Toisc gur córais choibhneasta an-chasta atá againn, a forbraíodh go himheánach le blianta

fada anuas, agus go bhfuil sé deacair, costasach agus dian ar acmhainní iarfheistiú a dhéanamh orthu, beidh gá le hanailísí tionchair maidir le gach uasghrádú.

- Níl córas ar líne na Seirbhíse Cúirteanna (CSOL) ar fáil ach i mBéarla faoi láthair. Mar gheall air sin, is i mBéarla amháin atá an tsaoráid leictreonach maidir le hÉilimh Bheaga ar fáil. Cé go bhfuil an córas in ann seirbhísí Gaeilge a sholáthar, theastódh infheistiúocht mhór chuige sin. Scrúdófar an bhféadfaí seirbhísí Gaeilge a sholáthar mar chuid d'athbhreithniú ar CSOL faoin tionscadal nuachóirithe
- Leanfar ar aghaidh ag eisiúint cáipéisí cúirte i nGaeilge de lámh, de réir mar is gá.
- Ní mheastar gur comhfhreagras pearsanta leis an gcustaiméir iad freagraí uathobrithe ar theachtaireachtaí ríomhphoist agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

4.3 Seirbhísí a mholtar a bheith trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon *Suíomh gréasáin*

Sa chás ina mbeidh fáil orthu i nGaeilge, cuirfear Rialacha Cúirte ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Ní bheidh The Legal Diary ar fáil ach i mBéarla amháin ar an suíomh gréasáin, mar atá faoi láthair, ach beidh gach téacs statach sa dialann sin (ceannteidil) ar fáil sa dá theanga.

Ginearálta

Is féidir fíneálacha a ghearrtar sa chúirt a íoc tríd An Post, agus tá a sheirbhís íocaíochta ar líne siúd ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Le linn na scéime, cuirfimid tionscadal i bhfeidhm ionas go n-eiseofar toghairmeacha dátheangacha giúiré agus cáipéisíocht tacaíochta do gach duine a dhéantar a thoghairm le haghaidh dualgas giúiré.

4.3.1 Saoráidí

Guthán

Cuirfimid faisnéis chaighdeánach uathobrithe ar fáil i nGaeilge, trí roghanna Gaeilge a dhéanamh, i ngach oifig de chuid na Seirbhíse Cúirteanna ina mbeidh a leithéid de sheirbhísí teileafóin uathobrithe ar fáil, faoi réir saincheistanna comhoiriúnachta agus costais thar thréimhse an chéad dá scéim eile.

Lasc-chlár

Ceanglóimid ar oibreoírí lasc-chláir, ar baill foirne ar conradh iad, frásaí fáiltithe i nGaeilge a bheith acu agus ainm na Seirbhíse Cúirteanna a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla ar an teileafón; ceanglóimid go mbeidh cur amach acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge, agus go mbeidh socrúithe i bhfeidhm chun glaoiteoirí a aistriú chuig an tseirbhís chuí.

4.3.2 Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

- Cé go mbeidh ábhar statach a bhaineann leis an tseirbhís ar líne “Cuardach Ard-Chúirte” ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin, ní chuirfear ainmneacha réimsí sonraí ar fáil ach i mBéarla amháin go dtí go ndéanfar an córas TF atá againn faoi láthair a uasghrádú nó ceann nua a chur ina áit, mar a shonraítear thuas agus Córais TF faoi thrácht.
- Nuair a dhéanfar an córas sin a uasghrádú nó ceann nua a chur ina áit, beidh ainmneacha réimse sonraí na seirbhíse “Cuardach Ard-Chúirte” ar fáil ar líne i nGaeilge agus i mBéarla. Ní bheidh an t-ábhar i nGaeilge ach amháin sa chás ina n-eiseofar an cás i nGaeilge. Scrúdófar an bhféadfaí seirbhísí Gaeilge a sholáthar mar chuid d’athbhreithniú ar an gCuardach Ard-Chúirte faoin tionscadal nuachóirithe

4.3.3 Seirbhís Gaeilge ó Bhéal

- Mar gheall ar a theicniúla agus a chasta atá teanga ghnó na Cúirte, a bhíonn éagsúil ag brath ar na réimsí gnó Cúirte atá i gceist (e.g. Probháid, Coiriúil, Sibhialta) agus mar gheall gur gnó tromchúiseach, conspóideach a dhéantar, ba mhall an beart é leibhéal inniúlachta sách ard a bhaint amach ionas go bhféadfaí gnó den sórt sin a dhéanamh i nGaeilge agus ba phróiseas é a bheadh ar bun le linn ré roinnt scéimeanna éagsúla.
- Mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm ar an bhfoireann faoi láthair agus an laghdú ar líon na mball foirne, ní mór dúinn an leas is fearr is féidir a bhaint as na baill foirne atá againn. Ina theannta sin, d’fhág an phaindéim atá ar bun faoi láthair nár mhór baill foirne a aistriú ó chúram go cúram agus go bhfuil dúshlán ann maidir le líon na mball foirne atá ag obair san oifig agus iad siúd atá ag obair ón mbaile.
- Agus beartais soghluaisteachta agus forbartha foirne á gcur san áireamh againn, ní féidir baill foirne a labhraíonn Gaeilge a sholáthar i ngach oifig, ná ní féidir aon bhall foirne a bhfuil na scileanna riachtanacha aige nó aici a choinneáil i aon réimse amháin gnó ná in aon áit amháin ar feadh tréimhse éiginnte.
- Tá oiliúint sa Ghaeilge á soláthar ag an tSeirbhís Cúirteanna do bhaill foirne trí Ghaelchultúr.

Oifigí a fhreastalaíonn ar phobail Ghaeltachta agus ar phobail ina labhraítear Béarla

- Tá baill foirne a bhfuil Gaeilge acu ar fáil faoi láthair in oifigí i gContae na Gaillimhe agus Contae Chiarraí, ina bhfreastalaítear ar phobail Ghaeltachta.
- Leanfaidh an tSeirbhís Cúirteanna ar aghaidh ag soláthar seirbhísí Gaeilge ina hoifigí i gcontaetha a bhfuil pobail Ghaeltachta iontu, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.
- Mar gheall ar a theicniúla agus a chasta atá teanga ghnó na Cúirte agus mar gheall gur gnó tromchúiseach a dhéantar, is i mBéarla a fhreagrófar ceisteanna casta a

chuirfear ar aon oifig sa chás ina mbeidh gá le heolas agus comhairle ó bhaill foirne shinsearacha, más rud é nach bhfuil Gaeilge ag an saineolaí teicniúil cuí.

Ginearálta

- Déanfaimid athbhreithniú bliantúil ar líon na mball foirne atá againn faoi láthair a bhfuil Gaeilge líofa acu
- Sa chás ina bhfuil seirbhís Ghaeilge ó bhéal ar fáil in oifig, cuirfimid comharthaí in airde á chur sin in iúl do dhaoine a thagann chuig an oifig. Sa chás ina bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ar fáil, cuirfear é sin in iúl do chustaiméirí le Fógra Oifige, amhail “Tá Gaeilge againn”, agus má bhíonn deasc ann ina bhfuil seirbhís den sórt sin ar fáil, beidh comhartha ar nós “Gaeilge Anseo” ar taispeáint.
- Baileoimid faisnéis faoin éileamh atá ar sheirbhísí Gaeilge ó bhéal in oifigí poiblí agus déanfaimid measúnú bliantúil ar an éileamh sin.
- Tá eolaire curtha le chéile againn de na baill foirne atá inniúil sa Ghaeilge chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a chuirfidh custaiméirí chuig ár mbosca poist Gaeilge fiosruithe@courts.ie agus chun cabhrú lena gcomhghleacaithe de réir mar is gá.

4.3.4 Oiliúint

- Tá an tSeirbhís Cúirteanna tiomanta do bheartas chun inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú i measc a ball foirne, go háirithe iad siúd atá ag obair in oifigí poiblí agus a dhéileálann leis an gcustaiméir seachtrach, trí chlár oiliúna deonaí a leanfar ar aghaidh leis ar feadh ré na scéime seo agus scéimeanna ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist againn, in imeacht roinnt scéimeanna, baill foirne a bheith in áiteanna éagsúla atá inniúil go leor sa Ghaeilge chun gnó Cúirte a dhéanamh i nGaeilge.
- Cuirfear i gcuimhne d’fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna ó am go ham na leabharlanna tagartha, na lámhleabhair dhátheangacha agus na hábhair thagartha idir-rannacha atá ar fáil.
- Leanfaimid ar aghaidh ag éascú do bhaill foirne ar mian leo dul faoi oiliúint sa Ghaeilge, agus ag cur maoiniú ar fáil dóibh, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.
- Glacfaimid páirt sa chúrsa Gaeilge atá á fhorbairt mar thionscadal comhroinnte Foghlama agus Forbartha má mheastar go n-oireann sé sin do riachtanais na Seirbhíse.
- Déanfaimid breithniú ar an mbealach is fearr is féidir leas a bhaint as eolas agus saineolas na mbreithiúna, bhaill foirne na gcúirteanna agus na gcleachtóirí chun úsáid na Gaeilge a spreagadh trí chruinnithe eagraithe agus ceardlanna.
- Cuirfear comhairle ar an bhfoireann maidir le raon agus cáilíocht ranganna Gaeilge lasmuigh d’uaireanta oibre.
- Beidh feachtas teanga san áireamh san oiliúint Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Tacóimid leis an bhfoireann trí leaganacha Gaeilge a sholáthar de na horduithe agus an comhfhreagras is minice a úsáidtear.

5. Monatóireacht agus Tuairisciú

- Coinneoidh an Fhoireann Ardbhainistíochta an Scéim faoi athbhreithniú. Beidh an mhonatóireacht ó lá go lá faoi chúram bainisteoirí líne atá freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin agus as tuairisciú go rialta dá gCeann Stiúrthóireachta.
- Áireofar gealltanais a dhéantar sa scéim i dTuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna agus déanfar dul chun cinn bliantúil maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanais sin.
- Fógróimid seirbhísí feabhsaithe de réir mar a bheidh siad ar fáil ar an suíomh gréasáin www.courts.ie.
- Tiocfaidh coiste monatóireachta le chéile dhá uair sa bhliain chun cabhrú leis an bhFoireann Ardbhainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla.

6. Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar an Scéim a phoibliú don phobal i gcoitinne trína cuid forálacha a fhógairt ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna. Cuirfear cóip den scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Cuirfidh an tSeirbhís Cúirteanna le feacht an phobail agus na foirne ar an Scéim trí fhógraí ar an suíomh gréasáin, fógraí sna hoifigí áitiúla agus ríomhphoist inmheánacha bliantúla, maidir leis an Scéim agus na Pleananna Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí.